



AN TÚDARÁS SLÁINTE
AGUS SÁBHÁILTEACHTA



Achoimre ar Staitisticí
Gortaithe, Breoiteachta agus
Báis san Ionad Oibre **2010-2011**

'11

Ár bhfís:

Cultúr náisiúnta ina
mbeidh cách tiomanta don
tsábháilteacht agus don
tsláinte ar na hionaid oibre
agus do bhainistiú slán
inbhuanaithe na n-ábhar
ceimiceach

Clár Ábhair

1. RÉAMHRÁ	4
1.1 Forbhreathnú ar an Achoimre Staitisticí 2010-2011	4
Sonraí faoi ghortuithe agus breoiteachtaí neamh-mharfacha	4
Sonraí faoi ghortuithe marfacha	5
1.2 Foinsí Faisnéise	6
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)	6
Eurostat	6
An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)	6
An Roinn Coimirce Sóisialaí	7
1.3 Nótaí Teicniúla	7
Aicmiú gortuithe	7
Rátaí gortaithe neamh-mharfacha agus marfacha a áireamh	7
2. STAITISTICÍ FAOI GHORTUITHE AGUS BREOITEACHTAÍ NEAMH-MHARFACHA	8
2.1 Staitisticí Ginearálta faoi Ghortuithe agus Breoiteachtaí	8
Figiúr 2.1: Gortuithe a tuairiscíodh don HSA 2002-2011 (HSA)	8
Figiúr 2.2: Gortuithe a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche 2011 (HSA)	8
Figiúr 2.3: Líon na ndaoine a bhí fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2005-2011 (Sonraí bunaithe ar eisiúint staitisticí an CSO Aibreán 2012)	9
Figiúr 2.4: Líon agus ráta na ndaoine a gortaíodh agus a raibh breoiteacht orthu 2006-2010 (CSO)	10
Figiúr 2.5: Ráta gortaithe agus breoiteachta ba chúis le 4+ lá caillte 2005-2010 (CSO)	11
Figiúr 2.6: Ráta gortuithe (lá ar bith caillte) in aghaidh gach 1000 oibrí de réir earnála eacnamaíche 2010 (CSO)	11
Figiúr 2.7: Ráta gortuithe 4+ lá in earnálacha áirithe 2005-2010 (CSO)	12
Figiúr 2.8: Ráta breoiteachtaí (lá ar bith caillte) in aghaidh gach 1000 oibrí de réir earnála eacnamaíche 2010 (CSO)	12
Figiúr 2.9: Líon na n-éileamh ar Shochar Díobhála Ceirde (SDC)	13
Figiúr 2.10: Ráta gortuithe 4+ lá san AE 2008 (Eurostat)	13
2.2 Staitisticí faoi Íospartaigh	14
Figiúr 2.11: Líon agus ráta gortaithe/breoiteachta* de réir earnála eacnamaíche agus inscne 2010 (CSO)	14
Figiúr 2.12: Ráta na ngortuithe ar fad* de réir inscne 2005-2010 (CSO)	15
Figiúr 2.13: Rátaí na mbreoiteachtaí ar fad* de réir inscne 2005-2010 (CSO)	15
Figiúr 2.14: Rátaí na ngortuithe agus na mbreoiteachtaí ar fad in aghaidh gach 1000 oibrí de réir aoisbhand 2010 (CSO)	16



Figióir 2.15: Rátaí na ngortuithe agus na mbreoiteachtaí ar fad in aghaidh gach 1000 oibrí de réir gairme 2010 (CSO)	16
Figióir 2.16: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir stádas fostaíochta 2011 (HSA)	17
Figióir 2.17: Oibríthe de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2011 (Eisiúint staitisticí an CSO Aibreán 2012)	17
Figióir 2.18: Dáileadh na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir náisiúntachta 2011 (HSA)	18
2.3 Staitisticí Teagmhais	19
Figióir 2.19: Líon na dtimpistí neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir na gcúiseanna a bhí leo, gach earnáil 2011 (HSA)	19
Figióir 2.20: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir na gcúiseanna a bhí leo 2011 (HSA)	20
Figióir 2.21: Cineál gortaithe de réir inscne 2010 (CSO)	20
Figióir 2.22: Cineál breoiteachta de réir inscne 2010 (CSO)	21
Figióir 2.23: An ball coirp is mó a tuairiscíodh a bheith gortaithe, gach earnáil 2011 (HSA)	21
Figióir 2.24: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir neamhláithreachta ó obair 2011 (HSA)	22
2.4 Staitisticí faoi Thimpeallacht Oibre	22
Figióir 2.25: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir timpeallachta oibre 2011 (HSA)	22
Figióir 2.26: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir mhéid na heagraíochta a fhostaíonn 2011 (HSA)	23
Figióir 2.27: Líon na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir contae 2011 (HSA)	23
Figióir 2.28: Ráta breoiteachta agus gortaithe de réir réigiúin 2010 (CSO)	24
Figióir 2.29: Ráta gortaithe in aghaidh gach 1000 oibrí de réir réigiúin 2010 (CSO)	24

3. STAITISTICÍ FAOI GHORTUITHE MARFACHA25

Figióir 3.1: Ráta na mbásanna oibríthe 2003-2011 (HSA)	25
Figióir 3.2: Líon na mbásanna a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche (idir oibríthe agus eile) 2011 (HSA)	25
Figióir 3.3: Ráta na mbásanna oibríthe a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche 2011 (HSA)	26
Figióir 3.4: Líon na mbásanna (idir oibríthe agus eile) a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche 2008-2011 (HSA)	26
Figióir 3.5: Ráta na mbásanna oibríthe a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche 2009-2011 (HSA)	27
Figióir 3.6: Ráta iomlán na mbásanna a tuairiscíodh i gcomórtas le rátaí na mbásanna a tuairiscíodh in earnálacha na Talmhaíochta/Iascaireachta, an Iompair agus na Stórála agus na Foirgníochta 2008-2011 (HSA)	27
Figióir 3.7: Céatadán na ngortuithe marfacha a tuairiscíodh de réir stádas fostaíochta 2011 (HSA)	28



Figiúr 3.8: Líon na mbásanna (idir oibrithe agus eile) a tuairiscíodh de réir earnála eacnamaíche agus aoisbhanda 2011 (HSA)	28
Figiúr 3.9: Líon na mbásanna (idir oibrithe agus eile) a tuairiscíodh de réir aoisbhanda 2011 (HSA)	29
Figiúr 3.10: Líon na mbásanna oibrithe a tuairiscíodh de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2011 (HSA)	29
Figiúr 3.11: Céatadán na mbásanna oibrithe a tuairiscíodh de réir náisiúntachta 2011 (HSA)	30
Figiúr 3.12: Rátaí na mbásanna oibrithe a tuairiscíodh de réir náisiúntachta 2007-2011 (HSA)	30
Figiúr 3.13: Líon na mbásanna (idir oibrithe agus eile) a tuairiscíodh de réir na gcúiseanna a bhí leis na timpistí 2011 (HSA)	30
Figiúr 3.14: Líon na mbásanna (idir oibrithe agus eile) a tuairiscíodh de réir contae 2005-2011 (HSA)	31
Figiúr 3.15: Rátaí na mbásanna oibrithe san AE 2008 (Eurostat)	32
 AGUISÍN 1	33
Achoimre ar na básanna a tuairiscíodh 2011	33
 AGUISÍN 2	38
Leasú NACE 2 – Leibhéal 1 agus 2	38
 TAGAIRTÍ	41

1. Réamhrá

1.1 Forbhreathnú ar an Achoimre Staitisticí 2010-2011

Léirítear in Achoimre Staitisticí bhliantúil an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta an fhaisnéis agus na staitisticí is coitianta a n-iarrtar orthu faoi ghortuithe cheirde, faoi bhreiteachtaí agus faoi bhásanna san ionad oibre in Éirinn. Tugtar le chéile sonraí as foinsí difriúla ionas gur féidir le léitheoirí athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i réimse athróa a bhaineann le gortuithe agus le breiteachtaí san ionad oibre, ar a n-áirítear saintréithe an duine, an teagmhas agus an timpeallacht oibre. Déanaimid gach iarracht agus an achoimre staitisticí seo á foilsiú againn go bliantúil gur féidir teacht ar an bhfaisnéis ar fad agus go bhfuil sé éasca ciall a bhaint aisti.

Sonraí faoi ghortuithe agus breiteachtaí neamh-mharfacha

Tuairiscíodh 6,956 gortú neamh-mharfach don Údarás i 2011, laghdú 5% ar líon na ngortuithe a tuairiscíodh i 2010. Ní fheictear an laghdú seo ar líon na ndaoine sa lucht oibre - de réir fhigiúirí an CSO, níor tháinig ach mionathrú ar líon na bhfostaithe i 2011 i gcomparáid le 2010. Baineann céatadán na ngortuithe neamh-mharfacha is mó le gníomhaíochtaí i dtaobh Shláinte an Duine agus Oibre Sóisialta fós, agus tá earnáil na Déantúsaíochta sa dara háit. Le deich mbliana anuas, tuairiscíodh beagnach 80,000 gortú neamh-mharfach ar an iomlán, gach earnáil san áireamh.

San Achoimre ar Staitisticí (2009 - 2010) roimhe seo, thaispeáin sonraí an CSO do 2009 gur tháinig laghdú suntasach ar ghortuithe agus ar bhreiteachtaí san ionad oibre i bhformhór na n-earnálacha. Tugadh faoi deara sa thuarascáil go mbeadh sonraí breise ag teastáil chun cinneadh a dhéanamh maidir le tábhacht staitistiúil an laghdaithe sin. Is féidir a thabhairt le tuiscint ó sonraí an CSO do 2010 go raibh na figiúirí do 2009 neamhghnách toisc go bhfuil na líonta agus rátaí gortaithe agus breiteachta i 2010 níos cosúla le sonraí na mblianta roimhe sin. Dá bhrí seo, déanfar comparáid san anailís seo thíos idir sonraí an CSO do 2010 agus thorthaí níos fadtéarmaí. Ní dhéanfar comparáidí díreacha le sonraí na bliana 2009.

Ba é an ráta gortaithe i 2010 inar cailleadh 3+ lá oibre, ná 10.8 in aghaidh gach 1000 oibrí. Sin méadú beag ar ráta 9.1 na bliana 2008, an chéad mhéadú ó ráta 13.5 na bliana 2007. Bhain patrún den chineál céanna le breiteachtaí, i gcásanna inar cailleadh 3+ lá oibre agus tháinig méadú go dtí ráta 9.9 i 2010 ar fhigiúr 8.5 na bliana 2008. Ó ráta 13.4 na bliana 2006, tá síorlaghdú ag teacht ó shin i leith ar an ráta breiteachta 4+ lá.

Bhí na rátaí gortaithe agus breiteachta ab airde i 2010 san earnáil Riaracháin Phoiblí agus Cosanta, 53.6 agus 37.7 in aghaidh gach 1000 oibrí faoi seach (laethanta ar bith a cailleadh). Méadú ab ea é seo in earnáil ar baineadh riosca níos ísle leis go traidisiúnta. I 2008, taifeadadh rátaí de 14.8 ngortú agus 22.3 breiteacht in aghaidh gach 1000 oibrí san earnáil chéanna.

De réir sonraí an CSO, meastar gur cailleadh 666,553 lá de bharr gortaithe i 2010. Figiúr cosúil le hiomlán na bliana 2008 a bhí anseo, a bhí i bhfad níos ísle na figiúr na bliana 2007 nuair a cailleadh breis is milliún lá. Ina theannta sin, meastar gur cailleadh 704,494 lá de bharr breiteachta.

Ceadaiódh 11,616 éileamh i 2011 ag an mBord Gortuithe Ceirde (OIB) ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, an dara bliain as a chéile inar tháinig laghdú ar an bhfigiúr seo. Os a choinne sin, tháinig méadú ar líon na laethanta oibre a cailleadh i 2011, 506,403 lá ar an iomlán, an figiúr ab airde a taifeadadh ón cuireadh an fhaisnéis seo ar fáil den chéad uair i 2007.

Tá rátaí gortaithe agus breiteachta níos ísle ann fós i measc oibrithe mná ná oibrithe fear, ach taifeadadh méadú ar na rátaí sin don dá inscne i 2010 i gcomparáid le figiúirí na bliana 2008. Chonacthas ráta gortaithe an-ard san aoisghrúpa 15-19 mbliana, ach is fiú a thabhairt faoi deara go n-athraíonn ráta an aoisghrúpa seo go mór ó bhliain go bliain toisc nach bhfuil ach líon beag daoine idir 15-19 mbliana d'aois páirteach sa lucht oibre. Níl sonraí ar bith ar fáil do 2009. Chonacthas an ráta breiteachta ab airde sa chatagóir 55-64 bliain.



Bhí breis is 12% de lucht oibre na hÉireann comhdhéanta d'oibrithe nach náisiúnaigh Éireannacha iad i ndeireadh na bliana 2011, ráta a bhí inchurtha le 2010. Bhain 16% de na gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh don Údarás i 2011 le hoibrithe nach náisiúnaigh Éireannacha iad.

Ba chúis le 33% de na gortuithe ar fad a tuairiscíodh ná gortuithe a bhain le láimhsiú, arna leanúint ag teagmhais sleamhnaithe, tuisle agus titime. Is fiú a thabhairt faoi deara gur tháinig méadú ar theagmhais a raibh ionsaitheacht, scanradh, suaithheadh nó foréigean ina gcúis leo. Ba é seo an tríú cineál teagmhais ba mhó a tuairiscíodh i 2011, méadú 1% ar iomlán na bliana 2010 nuair a baineadh an tríú háit amach ag an gcatagóir seo den chéad uair.

De réir figiúirí a eisíodh ag Eurostat maidir le rátaí teagmhas neamh-mharfach ar fud an Aontais Eorpaigh i 2008, bhí an dara ráta ab ísle san AE ag Éirinn, 860 gortú in aghaidh gach 100,000 oibrí i gcomparáid le ráta 753 in aghaidh gach 100,000 oibrí sa tSualainn.

Sonraí faoi ghortuithe marfacha

Tuairiscíodh 54 bás san ionad oibre don Údarás i 2011, an dara bliain as a chéile a tháinig méadú ar ráta na mbásanna ónar taifeadadh an figiúr ab ísle de 43 bás i 2009. Oibrithe ab ea 48 as an 54 duine a fuair bás, sin ráta na mbásanna 2.7 in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2011, méadú ar ráta 2.3 na bliana 2010. Os a choinne sin, ó 2006 i leith, d'fhan ráta na mbásanna i measc oibrithe ag níos lú ná 3 in aghaidh gach 100,000 oibrí.

Bhásaigh líon na ndaoine ba mhó in earnáil na Talmhaíochta, na Foraoiseachta agus na hIascaireachta, 27 duine ar an iomlán i 2011. Laghdú ab ea é seo, áfach, ar fhiigiúr 29 na bliana 2010. Bhí figiúr na bliana 2011 comhdhéanta de 22 bás feirmeoireachta agus 5 bhás iascaireachta. Den chéad uair ó 2007 i leith, ní bhfuair aon duine bás in earnáil na foraoiseachta. D'ainneoin laghdú ar líon na mbásanna, tá ráta na mbásanna san earnáil seo inchurtha le ráta na mbásanna 2010 de 31.2 in aghaidh gach 100,000 oibrí. Tháinig laghdú den uair dheireanach i 2008 ar ráta na mbásanna in earnáil na Talmhaíochta, na Foraoiseachta agus na hIascaireachta.

Tháinig laghdú eile ar líon na ndaoine a bhí fostaithe in earnáil na Foirgníochta ach taifeadadh go bhfuair cúigear oibrí bás, rud a bhí ina chúis le ráta na mbásanna 4.6 in aghaidh gach 100,000 oibrí, ráta atá beagáinín níos airde ná ráta na bliana 2010.

Daoine féinfhostaithe ab ea 22 de na daoine a fuair bás i 2011. Feirmeoirí ab ea 14 díobh sin. Bhí 14 de na daoine a fuair bás i 2011 níos sine ná 65 bliain d'aois. Bhásaigh 11 díobh ar an bhfeirm.

Oibrithe Éireannacha ab ea 85% de na daoine a fuair bás. Fuair líon na ndaoine ba mhó nach náisiúnaigh Éireannacha iad bás in earnáil an Iompair agus na Stórála, ceathrar san iomlán. Tháinig méadú ó 2.3 i 2010 go dtí 2.8 i 2011 ar ráta na mbásanna i measc oibrithe Éireannacha. San am céanna, tháinig laghdú ó 2.3 go dtí 1.8 in aghaidh gach 100,000 oibrí i 2010 ar ráta na mbásanna i measc oibrithe nach náisiúnaigh Éireannacha iad. Ó 2007 i leith, bhásaigh an líon céanna nó líon níos ísle oibrithe nach náisiúnaigh Éireannacha iad agus oibrithe Éireannacha.

Fuair 13 de na daoine bás i gContae Chorcaí, seisear díobh in earnáil na feirmeoireachta agus duine amháin in earnáil na hIascaireachta.

D'ainneoin torthaí dearfacha an ráta teagmhas neamh-mharfach ar leibhéal na hEorpa, thit Éire go dtí an 8ú áit i bhfigiúirí na mbásanna Eurostat i 2008, le ráta 2.4 in aghaidh gach 100,000 oibrí. Bhí ráta na mbásanna ab ísle i 2008 ag an Ríocht Aontaithe, 0.6 in aghaidh gach 100,000 oibrí. Tagann athrú mór de ghnáth ar rátaí na mbásanna ó bhliain go bliain mar gheall ar líon réasúnta beag na mbásanna a bhíonn i gceist.

Anuas ar na básanna san ionad oibre atá léirithe sa tuarascáil seo, féadfaidh básanna eile ar bhóithre a bhaineann le hobair a bheith léirithe, a rinne na Gardaí imscrúdú orthu. Tá faisnéis le déanaí faoi bhásanna ar bhóithre le fáil ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre <http://www.rsa.ie/en/RSA/Road-Safety/Our-Research>.



1.2 Foinsí Eolais

Úsáidtear foinsí éagsúla sonraí chun Achoimre Staitisticí an Údarás a chur le chéile. Léirítear na foinsí atá le gach graf agus le gach tábla sa tuairisc seo idir lúibíní i ndiaidh an teidil.

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA)

Tá dualgas dlíthiúil ar fhostóirí teagmhais a thuairisciú don Údarás má bhíonn oibrithe as láthair ón obair ar feadh breis is ceithre lá (4+ lá) de bharr gortuithe. Is féidir gortuithe a thuairisciú don Údarás ar an teileafón, i bhfoirm facs, tríd an bpost nó ar líne. Cinneann modheolaíocht Staitisticí Eorpacha ar Thimpistí ag an Obair (ESAW) na míreanna sonraí a bhailítear trí fhoirm thuairisce ar theagmhas de chuid an Údarás.

Má chuirtear bunachar sonraí an Údarás ar ghortuithe a bhaineann le hobair i gcomórtas le meastacháin CSO, tugtar le tuiscint nach mbíonn na teagmhais go léir á dtuairisciú i roinnt earnálacha. Mar gheall ar seo, tá na rátaí gortaithe neamh-mharfacha a úsáideann an tÚdarás agus a chuirtear i láthair san Achoimre seo bunaithe ar shonraí ón CSO. Soláthraíonn an 6,956 tuairisc ar ghortú ceirde atá i mbunachar sonraí an Údarás do 2011 faisnéis thábhachtach faoi shaintréithe an íospartaigh thimpiste agus faoi chineál an teagmhais agus na timpeallachta oibre.

Tá an tÚdarás freagrach as an mbunachar sonraí oifigiúil ar bhásanna san ionad oibre a chothabháil agus úsáidtear an bunachar sonraí sin chun ráta bliantúil na mbásanna oibrithe a áireamh. Bailítear na réimsí sonraí céanna do ghortuithe marfacha.

Eurostat

Is í Eurostat gníomhaireacht staitisticí an Aontais Eorpaigh. Soláthraíonn sí seirbhís faisnéise ar staitisticí agus cuireann sí comhoiriúnú modhanna staitistiúla chun cinn ar fud na mballstát. Tá na modheolaíochtaí a úsáideann na ballstáit go léir chun faisnéis a fháil agus staitisticí a tháirgeadh maidir le gortuithe agus le galair cheirde leagtha síos ag Eurostat. Tá grúpaí oibre agus teicniúla in Eurostat chomh maith a bhfuil sé mar aidhm acu dea-chleachtais a chur chun cinn sa réimse seo ar fud an Chomhphobail. Bailíonn Eurostat staitisticí bunaithe ar na sonraí gortaithe a sholáthraíonn na Ballstáit agus scaipeann sé na staitisticí sin trína shuíomh Gréasáin - http://epp.eurostat.ec.europa.eu/portal/page/portal/health/health_safety_work. Tá staitisticí Eorpacha faoi ghortuithe marfacha agus neamh-mharfacha ar áireamh sa tuairisc seo.

Tháinig Rialachán (AE) Uimh 349/2011 den Choimisiún Eorpach i bhfeidhm i mí Aibreáin 2011. Faoi rialachán cur chun feidhme seo éilítear go dlíthiúil ar na ballstáit sonraí bliantúla faoi ghortuithe ceirde a chur faoi bhráid Eurostat.

An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO)

Gach bliain déanann an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) meastachán ar líon na n-oibrithe a gortaíodh ag an obair nó a raibh breoiteacht a bhain le hobair orthu. Bunaítear an meastachán seo ar an modúl Timpistí agus Breoiteachtaí sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (SRNT), a dhéantar gach bliain sa chéad ráithe. Táscaire tábhachtach is ea na sonraí a bhaineann le líon agus le ráta na 4+ lá a cailleadh de bharr breoiteachta agus gortaithe mar seasann siad d'fho-thacar na dtimpistí a bhfuil dualgas dlíthiúil ar fhostóirí a thuairisciú.

Ó chéad ráithe na bliana 2009 i leith tugtar faoin SRNT ar bhonn ráithe den bhliain féilire. Bhíodh an SRNT ag feidhmiú ar bhonn ráithe séasúraí ón gceathrú ráithe (Q4) de 1997, nuair a bunaíodh é, go dtí an ceathrú ráithe (Q4) de 2008 san áireamh.

Don mhodúl Timpistí agus Breoiteachtaí a thuairiscítear san Achoimre seo, d'iarr oibrithe allamuigh CSO ar dhaoine a raibh 15 bliana d'aois nó níos mó slánaithe acu a rá ar gortaíodh ag an obair iad nó an raibh aon bhreoiteacht orthu faoinar mheas siad gurbh í an obair ba chúis léi nó a chuir chun donachta í sa tréimhse Eanáir 2010 go Nollaig 2010.

Rinneadh athruithe ar na modhanna suirbhéireachta tar éis 1998 agus, mar sin, ní féidir torthaí gach suirbhé SRNT a chur i gcomparáid go díreach lena chéile. Is féidir, áfach, an suirbhé a rinneadh sa chéad ráithe (Q1) de 2011 a chur i gcomparáid leis na suirbhéanna a rinneadh ó 2003 i leith.



Toisc gur suirbhé samplach atá sa SRNT a bhfuil féintuairisciú timpistí agus breoiteachtaí a bhaineann le hobair mar chuid de, tá na torthaí faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis, go sonrach, nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama, de mhéadaíocht níos ísle, an-bheacht.

An Roinn Coimirce Sóisialaí

Tá na sonraí a sholáthraíonn an rannóg um Shochair Díobhálacha Ceirde (SDC) den Roinn Coimirce Sóisialaí bunaithe ar éilimh a rinne daoine árachaithe a gortaíodh agus iad i mbun a gcuid oibre. Caithfidh an gortú a bheith ann ar feadh ceithre lá ar a laghad, agus caithfear teastas dochtúra agus foirm éilimh a chur isteach laistigh de 21 lá ón uair a gortaíodh an duine.

Is iondúil go mbíonn líon na n-éileamh níos lú ná líon na ngortuithe a bhaineann le hobair toisc nach bhfuil árachas sóisialta ag gach oibrí agus nach ndéantar éileamh mar gheall ar gach gortú. Tá níos lú gortuithe ceirde sa tacar sonraí SDC ná i gceann an SRNT, ach is féidir leas a bhaint as na figiúirí chun treochtaí a mheas toisc nár tháinig aon athrú ar na critéir i gcomhair íocaíochtaí sochair le himeacht ama.

1.3 Nótaí Teicniúla

Aicmiú gortuithe

Baineann an tÚdarás úsáid as aicmiú caighdeánach idirnáisiúnta dá bhunachar sonraí teagmhas agus dá staitisticí:

- Gníomhaíocht eacnamaíoch: NACE (Nomenclature statistique des activités économiques dans la Communauté Européenne: Aicmiú Staitisticí ar Ghníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach), a choinníonn Eurostat (Gníomhaireacht Staitisticí an Choimisiúin Eorpaigh). Is féidir an t-aicmiú iomlán a íoslódáil ó shuíomh Gréasáin Eurostat:

<http://circa.europa.eu/irc/dsis/nacecpaconlinfo/data/en/2007%20introduction.htm>

- Gairm: ISCO (Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta na nGairmeacha), a choinníonn ILO (Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair). Tá tuilleadh faisnéise faoi chóid ISCO le fáil ar shuíomh Gréasáin an ILO:

<http://www.ilo.org/public/english/bureau/stat/isco/index.htm>

- Staitisticí Eorpacha ar Thimpistí ag an Obair (ESAW) – athróga, sainmhínithe agus aicmithe a bhaineann leis an íospartach, an teagmhas agus cúinsí an teagmhais, a choinníonn Eurostat.

http://ec.europa.eu/eurostat/ramon/statmanuals/files/ESAW_2001_EN.pdf

Rátaí gortaithe neamh-mharfacha agus marfacha a áireamh

Déantar rátaí gortaithe agus breoiteachta a áireamh in aghaidh gach 1,000 oibrí. Déantar rátaí na mbásanna a áireamh in aghaidh gach 100,000 oibrí.

2. Staitisticí faoi Ghortuithe agus Breoiteachtaí Neamh-Mharfacha

2.1 Staitisticí Ginearálta faoi Ghortuithe agus Breoiteachtaí

Figiúr 2.1: Gortuithe a tuairiscíodh don HSA 2002-2011 (HSA)

Teagmhais neamh-mharfacha a tuairiscíodh	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	Iomlán
	8,098	7,172	8,412	8,330	8,441	8,754	8,417	7,161	7,284	6,956	79,025

Figiúr 2.2: Gortuithe a tuairiscíodh de réir earnaí eacnamaíche 2011 (HSA)

Earnáil	Líon	%
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	1382	20%
Déantúsaíocht	1076	15%
Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach	970	14%
Iompar agus stóráil	933	13%
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	713	10%
Foirgníocht	454	7%
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	264	4%
Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia	201	3%
Gníomhaíochtaí seirbhíse eile	188	3%
Soláthar uisce; séarachas, bainistíocht dramhaíola agus gníomhaíochtaí feabhsúcháin	153	2%
Oideachas	153	2%
Gníomhaíochtaí airgeadais agus árachais	131	2%
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	93	1%
Faisnéis agus cumarsáid	90	1%
Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla	48	1%
Na healaíona, an tsiamsaíocht agus an caitheamh aimsire	43	1%
Mianadóireacht agus cairéalú	40	1%
Soláthar leictreachais, gáis, gaile agus aerchóirithe	18	0.26%
Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh	6	0.09%
Iomlán	6956	

Figiúr 2.3: Líon na ndaoine a bhí fostaithe i ngach earnáil eacnamaíoch 2005-2011 (Sonraí bunaithe ar eisiúint staitisticí an CSO Aibreán 2012)

Líon fostaithe							
Earnáil Eacnamaíoch	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	108,165	109,879	114,248	101,500	80,600	83,300	80,400
Tionsclaíocht	285,337	299,157	287,252	262,700	242,400	230,800	239,700
Foirgníocht	237,944	268,596	258,915	179,900	129,100	107,300	107,600
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	282,942	289,707	310,493	283,900	266,800	261,700	262,000
Iompar agus stóráil	93,226	93,637	96,862	93,300	92,800	93,800	91,100
Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia	116,639	127,140	129,927	118,200	123,700	102,900	113,400
Faisnéis agus cumarsáid	70,405	65,784	69,826	72,700	74,100	70,500	74,700
Gníomhaíochtaí airgeadais, árachais agus eastáit réadaigh	93,732	98,779	103,952	103,500	103,500	99,800	102,200
Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla	103,365	104,162	111,677	103,800	101,900	102,900	94,000
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	68,055	73,685	83,514	66,500	59,100	61,900	62,800
Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach	103,851	101,973	102,496	105,700	106,000	106,600	102,900
Oideachas	136,006	142,320	141,680	150,500	147,500	148,800	143,300
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	191,780	209,419	221,467	222,400	232,000	230,300	238,000
Gníomhaíochtaí eile NACE	113,350	97,105	102,803	101,100	98,200	103,500	95,600
Iomlán	2,004,800	2,081,300	2,135,100	1,965,600	1,857,600	1,804,200	1,807,700


**Figióir 2.4: Líon agus ráta na ndaoine a gortaíodh agus a raibh breoiteacht orthu 2006-2010 (CSO)**

	2006		2007		2008		2009		2010	
	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000	Líon	Ráta in aghaidh gach 1000
Líon iomlán fostaithe	2,081,300		2,135,100		1,965,600		1,857,600		1,804,200	
Gortú										
Líon iomlán a gortaíodh	58,615	28.2	64,200	30.1	42,000	21.4	31,774	17.1	40,584	22.5
0-3 lá as láthair	34,223	16.4	35,400	16.6	24,100	12.3	20,320	10.9	21,084	11.7
4+ lá as láthair	24,392	11.7	28,800	13.5	17,900	9.1	11,454	6.2	19,500	10.8
Laethanta a cailleadh	765,000		1,013,700		685,500		283,200		666,553	
mar gheall ar ghortú										
Breoiteacht										
Líon na ndaoine a raibh breoiteacht orthu	71,675	34.4	59,273	27.8	40,874	20.8	30,593	16.5	38,703	21.5
0-3 lá as láthair	43,723	21.0	33,319	15.6	24,074	12.2	18,328	9.9	20,872	11.6
4+ lá as láthair	27,952	13.4	25,954	12.2	16,800	8.5	12,265	6.6	17,831	9.9
Laethanta a cailleadh	980,200		930,300		751,600		463,700		704,494	
Mar gheall ar bhreoiteacht Gortú agus Breoiteacht										
Líon iomlán na ngortuithe nó na mbreoiteachtaí	130,290	62.6	123,473	57.8	82,874	42.2	62,367	33.6	79,287	43.9
lomlán (4+ lá as láthair)	52,344	25.1	54,754	25.6	34,700	17.7	23,719	12.8	37,331	20.7
Líon iomlán na laethanta cailte	1,745,200		1,944,000		1,437,100		746,900		1,371,047	


Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.




Figiúr 2.5: Ráta gortaithe agus breoiteachta ba chúis le 4+ lá caillte 2005-2010 (CSO)




Figiúr 2.6: Ráta gortuithe (lá ar bith caillte) in aghaidh gach 1000 oibrí de réir earnála eacnamaíche 2010 (CSO)



Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.


Figióir 2.7: Ráta gortuithe 4+ lá in earnálacha áirithe 2005-2010 (CSO)


Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Figióir 2.8: Ráta breoiteachtaí (lá ar bith cailte) in aghaidh gach 1000 oibrí de réir earnála eacnamaíche 2010 (CSO)


Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.



Figiúr 2.9: Líon na n-éileamh ar Shochar Díobhálacha Ceirde (SDC)

Bliain	Éilimh a Ceadaiódh	Laethanta caillte*	Laethanta a cailleadh in aghaidh an éilimh ar an meán
2000	11,995		
2001	12,050		
2002	12,280		
2003	11,096		
2004	11,705		
2005	11,759		
2006	12,416		
2007	13,803	502,178	36
2008	13,017	494,866	38
2009	13,099	489,308	38
2010	11,813	423,394	36

GAN SONRAÍ


SONRAÍ FAOI ÉILIMH SDC 2011

Líon na n-éileamh a Fuarthas	14,177
Líon na n-éileamh a Ceadaiódh	11,616
Líon na Laethanta Oibre a Cailleadh mar gheall ar Éilimh a Ceadaiódh	506,403*
Meántréimhse as Láthair in aghaidh gach Éilimh a Ceadaiódh	6.73 seachtaine #

* Cé nach n-íoctar Sochar Díobhálacha le custaiméir do na chéad 3 lá den bhreiteacht ná don Domhnach, áirítear ar an bhfigiúr seo na laethanta sin toisc gur lá oibre a d'fhéadfadh a bheith ann.

Áirítear ar an meántréimhse as láthair na chéad 3 lá den bhreiteacht agus an Domhnach más rud é go raibh an duine tinn/breiteacht ar an duine na laethanta sin.

Figiúr 2.10: Ráta gortuithe 4+ lá san AE 2008 (Eurostat)



* Déantar figiúr an AE 15 a áireamh bunaithe ar 14 bhallstát.



2.2 Staitisticí faoi Íospartaigh

Figiúr 2.11: Líon agus ráta gortaithe/breoiteachta* de réir earnála eacnamaíche agus inscne 2010 (CSO)


Earnáil Eacnamaíoch	Líon fostaithe		Ráta gortaithe in aghaidh gach 1000 oibrí		Ráta breoiteachta in aghaidh	
	Fir	Mná	Fir	Mná	Fir	Mná
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	74,600	8,600	23.4	17.3	19.4	-
Tionsclaíocht	163,800	67,100	18.0	14.0	19.6	17.3
Foirgníocht	100,100	7,200	36.3	21.5	22.3	26.9
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	130,200	131,500	31.3	16.0	22.6	14.2
Iompar agus stóráil	77,900	15,900	43.6	21.5	39.0	-
Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia	45,000	57,900	32.1	32.5	3.6	29.7
Faisnéis agus cumarsáid	50,700	19,900	10.3	7.0	10.4	57.3
Gníomhaíochtaí airgeadais, árachais agus eastáit réadaigh	47,900	51,900	7.5	7.1	14.9	14.7
Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla	60,900	42,000	4.7	4.4	13.1	6.8
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	32,300	29,600	20.2	21.3	-	27.7
Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach	57,300	49,300	69.5	35.1	43.7	30.2
Oideachas	37,500	111,400	30.5	7.8	24.3	25.1
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	40,900	189,300	22.7	22.4	10.5	22.6
Gníomhaíochtaí eile NACE	42,900	60,600	48.1	5.3	26.2	23.6
Iomlán	962,000	842,200	28.2	15.9	21.5	21.3

* Tá na rátaí sa tábla seo bunaithe ar líon iomlán na ngortuithe agus na mbreoiteachtaí. Ní leor na sonraí le gortuithe agus breoiteachtaí 4+ lá a léiriú de réir inscne

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.




Figiúr 2.12: Ráta na ngortuithe* ár fad de réir inscne 2005-2010 (CSO)



* Tá na rátaí sa tábla seo bunaithe ar líon iomlán na bhfigiúirí breoiteachta. Ní leor na sonraí le breoiteachtaí 4+ lá a léiriú de réir inscne

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

Figiúr 2.13: Ráta na mbreoiteachtaí* ar fad de réir inscne 2005-2010 (CSO)



* Tá na rátaí sa tábla seo bunaithe ar líon iomlán na bhfigiúirí breoiteachta. Ní leor na sonraí le breoiteachtaí 4+ lá a léiriú de réir inscne

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.

**Figiúr 2.14: Rátaí na ngortuithe agus na mbreoiteachtaí ar fad in aghaidh gach 1000 oibrí de réir aoisbhanda 2010 (CSO)**

Raon aoise	Ráta gortaithe 2010	Ráta breoiteachta 2010
15-19	47.5	*
20-24	32.0	*
25-34	22.5	22.3
35-44	21.7	23.8
45-54	22.0	18.6
55-64	16.2	30.3
65+	26.4	23.2
Iomlán	22.6	21.5

* Easpa sonraí

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.


Figiúr 2.15: Rátaí na ngortuithe agus na mbreoiteachtaí ar fad in aghaidh gach 1000 oibrí de réir gairme 2010 (CSO)

Gairm	Ráta gortaithe 2010	Ráta breoiteachta 2010
Bainisteoirí, stiúrthóirí agus oifigigh shinsearacha	13.1	19.3
Gairmiúil	10.7	20.1
Gairmiúil comhlach agus teicniúil	34.6	22.9
Obair chléireachais agus rúnaíochta	8.4	22.5
Ceirdeanna oilte	25.3	21.9
Cúram, fóillíocht agus seirbhísí eile	27.0	16.5
Díolacháin agus seirbhís do chustaiméirí	26.5	23.4
Oibrithe próiseála, gléasra agus innealra	35.2	28.5
Gairmeacha bunúsacha	32.9	18.7
Gach earnáil	22.5	21.5

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.



Figiúr 2.16: Gortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir stádas fostaíochta 2011 (HSA)




Figiúr 2.17: Oibrithe de réir náisiúntachta agus earnála eacnamaíche 2011 (Eisiúint staitisticí an CSO Aibreán 2012)

Earnáil Eacnamaíoch	Oibrithe sa cheathrú ráithe (Q4) 2011		
	Éireannach	Nach as Éirinn	% nach as Éirinn
Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht	75,800	4,700	5.8%
Tionsclaíocht	197,300	42,400	17.7%
Foirgníocht	98,500	9,000	8.4%
Trádáil mhórdhíola agus mhiondíola; deisiú mótarfheithiclí agus gluaisrothar	226,200	35,800	13.7%
Iompar agus stóráil	81,400	9,700	10.6%
Gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia	80,400	33,000	29.1%
Faisnéis agus cumarsáid	64,700	10,000	13.4%
Gníomhaíochtaí airgeadais, árachais agus eastáit réadaigh	95,600	6,700	6.5%
Gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochas agus teicniúla	87,900	6,100	6.5%
Gníomhaíochtaí seirbhísí tacaíochta agus riaracháin	47,800	15,000	23.9%
Riarachán poiblí agus cosaint; slándáil shóisialta éigeantach	101,000	2,000	1.9%
Oideachas	135,000	8,400	5.9%
Gníomhaíochtaí ó thaobh shláinte an duine agus oibre sóisialta	210,500	27,500	11.6%
Gníomhaíochtaí eile NACE	82,400	13,200	13.8%
Iomlán	1,584,500	223,500	12.4%

Nóta: Tá meastacháin SRNT faoi réir sampláil agus earráidí suirbhé eile. Is féidir glacadh leis nach bhfuil meastacháin agus athruithe le himeacht ama de mhéadaíocht níos ísle an-bheacht agus ní mór a bheith cúramach agus ciall á baint astu.



Figiúr 2.18: Dáileadh na ngortuithe neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir náisiúntachta 2011 (HSA)




2.3 Staitisticí Teagmhais

Figióir 2.19: Líon na dtimpistí neamh-mharfacha a tuairiscíodh de réir na gcúiseanna a bhí leo, gach earráil 2011 (HSA)

Cúis	A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K	L	M	N	O	P	Q	R	S	Iomlán
Ionsaitheacht, scanradh, suaithreadh, foréigean	3	0	2	0	0	3	4	20	1	0	12	0	1	8	189	16	221	0	17	497
Ionsaí ag ainmhí	2	0	0	0	0	0	0	4	0	0	0	0	0	0	4	0	0	0	0	10
Luail choirp (strus fisiceach ar bith)	5	4	52	4	7	18	22	39	15	5	17	3	5	16	38	6	56	0	12	324
Sceilpe mar gheall ar bhriseadh (m.sh. gloine, cloch, miotal)	0	0	0	0	0	1	0	0	1	0	0	0	0	0	1	0	0	0	0	3
Briseadh ábhair ag na hailt	3	1	47	1	7	20	27	14	8	6	3	0	2	16	10	5	29	0	8	207
Fadhb leictreach	0	0	3	0	0	3	1	2	4	0	0	0	0	2	1	0	4	0	1	21
Pléascadh	0	1	3	1	0	3	1	0	0	0	0	0	0	1	2	0	0	0	0	12
Titim ó airde	7	3	63	2	9	65	31	32	10	13	15	1	2	22	31	13	27	4	17	367
Titim ar an leibhéal céanna (sleamhnú, titim i gceann do chos, srl)	12	4	159	2	19	70	162	159	39	20	34	1	10	46	137	25	263	10	37	1209
Titim, intitim ábhair	1	1	4	0	0	11	19	3	8	0	0	0	1	0	10	1	9	1	2	71
Tine, bladhmanna	0	0	6	0	1	4	1	2	1	0	0	0	0	0	6	2	0	0	0	23
Ainmhí ag dul ó smacht	24	0	4	0	0	1	0	2	0	0	0	0	3	4	3	1	0	2	3	47
Uirlis láimhe ag dul ó smacht	1	2	56	1	2	21	10	6	9	1	1	0	2	9	14	6	7	1	7	156
Innealra ag dul ó smacht	7	4	38	0	8	11	11	14	3	2	0	0	1	6	5	3	7	1	1	122
Trealamh iompair nó trealamh láimhsithe ag dul ó smacht	2	2	21	3	21	16	22	45	2	9	3	0	2	5	87	4	17	0	8	269
Rud ar a bhfuiltear ag obair ag dul ó smacht	2	0	38	0	5	17	20	9	13	0	1	0	0	7	14	2	14	3	5	150
Láimhsiú	14	10	391	4	39	114	299	357	47	27	30	0	9	88	253	34	494	12	50	2272
Cúis eile a bhaineann le briseadh/intitim	0	1	1	0	1	3	4	1	0	0	0	0	0	0	4	1	3	0	0	19
